



Íonaitheoirí aeir ózón agus steirilitheoirí

CASP2022


Cuireann na Gníomhaíochtaí Comhordaithe maidir le Sábháilteacht Táirgí (CASP) ar chumas na n-údarás faireachais margaidh (ÚFManna) uile ó thíortha an Aontais Eorpaigh / an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch a áirithiú go comhpháirteach go mbaintear táirgí neamhshábháilte den Mhargadh Aonair go tapa.

Raon feidhme an táirge

D'aontaigh na ÚFManna raon feidhme an táirge a shrianadh do phríomhghléasanna a oibrítear agus do ghléasanna urláir nó dromchla. Bhí táirgí a oibrítear le ceallraí agus táirgí tráchtála nó tógtha isteach as raon feidhme na gníomhaíochta seo.




ÍONTÓIRÍ AER ÓZÓIN



LAMPA UV


Torthaí tástála

Torthaí tástála foriomlána (N=16)
gan rabhaidh, marcálacha agus treoracha a áireamh



- Comhlíontach leis na riachtanais
- Níor chomhlíon sé na ceanglais

Bearta a glacadh le haghaidh samplaí
nár chomhlíon na ceanglais (N=14)



- An táirge a tharraingt siar ón margadh
- Gan tuairisciú

Príomhchritéir tástála

Áiríodh leis an bplean tástála:

- rogha clásal ón gCaighdeán Eorpach (EN) 60335-1:2012 Sábháilteacht fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail (a úsáidtear i gcomhar le EN 60335-2-65 maidir le fearais glantacháin aeir);
- EN 60335-2-109 – Clásal 32 Radaíocht, tocsaineacht agus guaiseacha comhchosúla;
- EN 62471:2008 Sábháilteacht fhótaibhitheolaíoch lampaí agus córais lampa.

Príomh-mholtaí

1

Nuair a dhearann tú táirgí den sórt sin, cinntigh go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas, i measc rudaí eile:

- Ní thagann radaíocht UV i dteagmháil dhíreach leis na súile ná leis an gcaiceann;
- ní féidir scagaire an táirge a bhaint gan uirlis a úsáid agus ní féidir an táirge a oibriú gan scagaire;
- Ní tháirgeann an táirge leibhéal ózón atá guaiseach don úsáideoir.

2

Cé nach bhfuil **aon chaighdeán uathúil a bhaineann go sonrach** le táirgí is féidir a chur i bhfeidhm ag céim an deartha, tá **bunphrionsabail an dearaidh do shábháilteacht táirgí leictreacha** bunaithe go maith agus ní mór iad a leanúint.

3

Tá caighdeáin iomchuí ann is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an dearadh a bhaineann leis na gnéithe a bhaineann go sonrach leis an táirge, agus ba cheart iad sin a úsáid chun a áirithiú go bhfuil táirgí 'sábháilte' de réir an LVD agus nach bhfuil baol díobhála ann d'úsáideoirí agus do dhaoine eile.

4

Cumarsáid a dhéanamh faoi **fheidhmíocht an táirge** agus faisnéis a sholáthar **maidir le conas agus cén áit a n-úsáidfeá é.**

ÚFManna rannpháirteacha

TÍR	ÚFM
An tSeicia	Údarás Cigireachta Trádála na Seice
An tSlóivéin	Cigireacht Margaidh Phoblacht na Slóivéine
An tSualainn	Bord Náisiúnta um Shábháilteacht Leictreachais na Sualainne
Poblacht na Slóvaice	Cigireacht Trádála na Slóvaice



Skennja l-kodiči QR
għar-rapport dettaljat u
għal aktar informazzjoni



CASP2022
Gníomhaíochtaí Comhordaithe
maidir le Sábháilteacht Táirgí